

Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge

Ráiteas Tosaigh an Choimisinéara Teanga ar an ábhar

‘Tuascálacha an Choimisinéara Teanga agus cur chun cinn na Gaeilge sa tSeirbhís Phoiblí in 2022’.

(Dé Céadaoin an 30 Samhain, 2022 ag 1500 i Seomra Coiste 4, Tithe an Oireachtais)

A Chathaoirligh, agus a chomhaltaí coiste uile,

Is mian liom mo bhuíochas a chur in iúl duitse agus don choiste seo as an gcuireadh teacht in bhur láthair, trácht a dhéanamh ar phríomhthorthaí Thuarascáil Bhliantúil m’Oifige i leith 2021 agus plé a dhéanamh ar Thuarascálacha m’Oifige agus ar an ábhar ‘Cur chun cinn na Gaeilge sa tSeirbhís Phoiblí in 2022’. Cuirim fáilte i gcónaí roimh cheistiúchán agus caibidil an Chomhchoiste agus is gné ríthábhachtach de mo chuidse oibre é cuntas a thabhairt ar obair na hOifige agus a bheith cuntasach maidir leis na feidhmeanna reachtúla a luaitear le m’Oifig.

TUARASCÁLACHA

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2021: GEARÁIN

Le linn na bliana 2021 fuarthas 727 gearán, méadú de bhreis is 20% ar líon na ngearán a fuarthas le linn na bliana 2020 (604). Díol suntais é an t-ardú atá tagtha ar líon na ngearán ón nGaeltacht le hais blianta roimhe seo. Tháinig díreach os cionn an ceathrú cuid díobh (27%) ón nGaeltacht in 2021, ardú 4% ar 2020. Fuarthas comhréiteach ar chuid mhór de na gearáin tríd an gcóras neamhfhoirmiúil réitithe gearán nó trí chomhairle a chur ar ghearánaigh. Bhain 92% de na gearáin le seacht réimse faoi leith:

- forálacha i scéimeanna teanga
- comharthaíocht agus stáiseanóireacht
- freagra i mBéarla ar chumarsáid i nGaeilge
- fadhb le húsáid ainm agus seoladh i nGaeilge
- achtacháin eile a bhaineann leis an nGaeilge
- úsáid na Gaeilge ar chomharthaí tráchta
- cumarsáid i scríbhinn leis an bpobal le faisnéis a thabhairt

Cuimsíonn scéimeanna teanga in thart ar 140 comhlacht poiblí réimse leathan gealltanais maidir le seirbhísí a chur ar fáil. Is leis an réimse sin a bhaineann an líon is airde gearán. Ba cheart dul i ngleic leis an gceist seo i gcóras na gcaighdeán, atá le teacht in áit chóras na scéimeanna teanga faoin reachtaíocht leasaithe.

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2021: COVID

Thit líon na ngearán i dtús phaindéim Covid-19 ach de réir mar a rinneadh faillí i gcearta teanga in 2020 agus arís in 2021 rinne líon ard daoine teagmháil le m'Oifig agus a ndíomá mhór á cur in iúl acu go raibh beag is fiú á dhéanamh de sheirbhísí stáit as Gaeilge le linn na paindéime. Ní fhéadfaí go leor de na gearáin a fhiosrú de bharr easpa forálacha sa reachtaíocht a chinnteodh seirbhís shásúil trí Ghaeilge. Ba chóir a aithint gur tháinig feabhas ar sholáthar faisnéise i scríbhinn chuig an bpobal i gcoitinne, i.e. leabhráin eolais agus cora poist.

Bhain trian de na gearáin a rinneadh i dtaca le Covid-19 le heaspa seirbhísí idirghníomhacha a bheith ar fáil as Gaeilge. Bhain go leor de na gearáin le clárú do vacsaín nó don teastas digiteach vacsaíne. Rinneadh gearáin liom freisin faoin easpa eolais i nGaeilge a bhain le hiarrachtaí an Stáit dul i ngleic leis an bpaindéim. San áireamh anseo bhí litreacha, comharthaíocht, ciorcláin scoile agus suíomhanna gréasáin a scaipeadh nó a foilsíodh i mBéarla amháin. Is é an bhuaire atá orm ná go dtiocfadh na fadhbanna céanna chun cinn an athuir dá mbeadh éigeandáil eile ann de bharr easpa pleanála agus easpa práinne ó thaobh seirbhísí a sholáthar as Gaeilge. Ní léir dom fós go bhfuil fianaise sa chóras sláinte a léireodh foghlaim chórasach nó fonn comhsheasamhach freastal cóir a dhéanamh ar chearta cainteoirí Gaeilge ar sheirbhísí sláinte ina rogha teanga oifigiúla. Ar an ábhar sin, ní maith liom a chur in iúl nár fhéad mé 60% d'iomlán na ngearán a rinneadh le m'Oifig i 2021 a fhiosrú go foirmiúil. Sin 440 cás ina raibh orm a chur in iúl do dhaoine nach raibh dualgas reachtúil ar chomhlacht poiblí an tseirbhís a bhí á lorg acu a chur ar fáil i nGaeilge.

Bhí tuairisc freisin i dTuarascáil Bhliantúil 2021, a d'fhoilsigh mé i Mí an Mheithimh seo caite, ar chlár faireacháin m'Oifig maidir le géilliúlacht comhlachtaí poiblí dá gcuid dualgas faoin reachtaíocht.

TUARASCÁIL OIREACHTAIS: AN GARDA SÍOCHÁNA

Thug m’Oifig imscrúdú ar an nGarda Síochána chun críche i mí na Nollag 2011. Ba í an cheist a bhí le cíoradh san imscrúdú ná an raibh sárú á dhéanamh ar na dualgais reachtúla in Acht an Gharda Síochána, 2005, agus i scéim teanga an Gharda Síochána, maidir le hinniúlacht chuí sa Ghaeilge a bheith ag comhaltáí den Gharda Síochána atá ar stáisiún i limistéar Gaeltachta.

Ag tús 2012, thug an Oifig faoi iniúchadh ar an mbealach a raibh an Garda Síochána ag tabhairt faoi chur i bhfeidhm mholtaí an imscrúdaithe. Le linn an iniúchta sin, tháinig sé chun solais nach raibh na moltaí a rinneadh sa tuarascáil imscrúdaithe á gcur i ngníomh go sásúil.

Lean próiseas fada casta agus réiteach sásúil á lorg ag m’Oifig ar an nGarda Síochána i dtaca leis na heaspaí a sonraíodh san imscrúdú agus san iniúchadh ina dhiaidh, ar feadh naoi mbliana idir mí Eanáir 2012 agus mí an Mhárta 2021. Tugadh deis agus scóip leathan don Gharda Síochána na leigheasanna cuí a chur i gcrích agus bhí an Oifig ar fáil ar feadh an ama sin go léir chun tacaíocht a thabhairt don chomhlacht poiblí agus comhairle a chur air.

De bharr easpa dul chun cinn, agus tar éis do m’Oifig gach uile fhéidearthacht réitigh a ídiú, chinn mé nach raibh de rogha agam ach tuarascáil faoin gcás seo a chur faoi bhráid gach Tí den Oireachtas. Rinneadh amhlaidh ar an 26 Aibreán 2021.

Ó shin i leith, b’ábhar díomá domsa é gur maolaíodh ar riachtanais inniúlachta Ghaeilge sa Gharda Síochána maidir le harduithe céime go céim an tSáirsint agus an t-athrú suntasach a rinneadh ar Rialacháin Iontrála an Gharda Síochána (I.R. uimh. 757/2021) gur leor d’iarrthóirí a bheith inniúil i dteanga amháin, Béarla nó Gaeilge (nó an dá cheann) feasta. Cuirim fáilte roimh Straitéis Ghaeilge an Gharda Síochána 2022-2025 ar léiriú é ar dhea-rún agus dea-mhéin cheannaireacht an Gharda Síochána don Ghaeilge. Ina dhiaidh sin féin, is deacair liom a thuiscint cé mar is féidir leis an nGarda Síochána a gcuid dualgas reachtúil teanga a chomhlíonadh agus a bheith géilliúil d’fho-alt 33(2) d’Acht an Gharda Síochána, 2005 i bhfianaise na n-athruithe a rinneadh ar riachtanais inniúlachta iontrála.

TUARASCÁIL OIREACHTAIS: EIRCODE

Thug m’Oifig imscrúdú ar an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide¹ chun críche i mí na Nollag 2015. Ba é cur i bhfeidhm scéim teanga na Roinne chomh fada is a bhaineann sé le logainmneacha Gaeltachta i gcás an chórais nua Eircode, ábhar an imscrúdaithe sin. Is minic ráite agam é go bhfuarthas níos mó gearán ar an ábhar seo leis féin ná mar a fuarthas riamh maidir le haon ábhar aonair eile ó bunaíodh an Oifig.

Cé go ndearna an Roinn iarracht mhacánta teacht ar réiteach sa chás seo trí iarracht iachall a chur ar an bPost a bhunachar sonraí seoltaí a leasú ionas gur i nGaeilge amháin a bheadh gach logainm Gaeltachta ábhartha, níor éirigh leis na hiarrachtaí sin. Tar éis dom tuarascáil faireacháin a eisiúint ar an ábhar i mí Lúnasa 2020, scríobh mé chuig an Aire Stáit atá freagrach as an bPost agus Eircode agus chuir mé in iúl go raibh beartaithe agam tuarascáil a chuir faoi bhráid gach Tí den Oireachtas ar an ábhar. Thairg mé deis aon eolas nó beart nua de chuid na Roinne leis an reachtaíocht a chomhlíonadh a chur faoi mo bhráid. Cé gur eisíodh admháil ar an litir sin níor cuireadh aon fhreagra breise ar fáil. Idir an dá linn, fuair m’Oifig breis is scór gearán nua breise ar an ábhar seo, deich gcinn acu sin a bhaineann go sonrach le seoltaí Gaeltachta.

Tar éis dom athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar an gcás agus tar éis do m’Oifig gach uile fhéidearthacht réitigh a ídiú, chinn mé nach raibh de rogha agam ach tuarascáil faoin gcás seo a chur faoi bhráid gach Tí den Oireachtas. Rinneadh amhlaidh ar an 29 Meán Fómhair 2021. Is léir óna gearáin atá faighte ag m’Oifig ó shin nach bhfuil an scéal seo curtha ina cheart go fóill.

¹ An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha, mar a bhí

ACHT NA DTEANGACHA OIFIGIÚLA (LEASÚ), 2021

Cuirim fáilte mhór roimh an Acht nua agus creidim gur deis chinniúnach do Rialtas na hÉireann é beart a dhéanamh de réir briathair agus seirbhísí stáit ar fónamh sa dá theanga oifigiúla a chinntiú don phobal. Tacóidh m’Oifig go tréan le comhlachtaí poiblí, trí mheán comhairle agus teorach, chun na dualgais reachtúla nua a chur i bhfeidhm go tráthúil agus go héifeachtach. Déantar gach iarracht treoir chruinn a chur ar fáil don phobal freisin agus bhí toradh an-dearfach ar na seisiúin eolais a cuireadh ar fáil ag Oireachtas na Gaeilge i gCill Airne i dtús mhí na Samhna. Is mar thoradh ar obair leanúnach ó thús na bliana a cuireadh an obair mhór sa réimse seo i gcrích a bhuíochas d’acmhainní breise a cuireadh ar fáil chun an tAcht leasaithe a chur i bhfeidhm.

Dáréag atá fostaithe san oifig anois, beirt Phríomhoifig Cúnta nua ina measc, agus is mian liom aitheantas a thabhairt don obair mhór atá déanta ag foireann m’Oifige ar chlár ardaithe feasachta agus chun treoirlínte a fhorbairt maidir leis an Acht leasaithe agus faoin bhforáil a bhaineann le halt 10A. (Fograíocht ag Comhlachtaí Poiblí) go háirithe, foráil a chinnteoidh go mbeidh 20% ar a laghad d’fhógraíocht comhlachtaí poiblí á déanamh trí Ghaeilge. Tá dea-thoradh na forála seo le léamh ar líne agus le cloisteáil ar sheirbhísí raidió cheana féin. Ba mhaith liom aitheantas ar leith a thabhairt don Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán as an gcomhoibriú uile chun seimineáir faisnéise agus feasachta a chur ar fáil do chomhlachtaí poiblí, don státseirbhís agus don tseirbhís phoiblí trí chéile. Tá breis is 1500 duine i ndiaidh a bheith páirteach sna seimineáir faisnéise a reáchtáladh i nGaeilge agus i mBéarla i mí Iúil agus Mheán Fómhair 2022.

Caitheadh dua nach beag le seachadadh an chláir feasachta le dea-chomhairle agus dea-chleachtas a roinnt go tráthúil le comhlachtaí poiblí maidir leis an bhforáil úr agus ionas nach dtiocfadh easpa eolais idir comhlachtaí poiblí agus cur i bhfeidhm na forála fógraíochta (alt 10A). Is ceart go mbeadh Oifig an Choimisinéara Teanga réamhghníomhach sa réimse seo chun cuidiú le comhlachtaí poiblí a gcuid dualgas a chomhlíonadh agus forbairt an-dearfach atá sa bhorradh faoi réamhghníomh atá le sonrú i measc na gcomhlachtaí poiblí. Ar an ábhar sin, tháinig ardú 43% ar líon na dteagmhálacha agus na n-iarratas ar chomhairle a rinne oifigigh ó chomhlachtaí poiblí (159 ócáid éagsúil in 2021) ar m’Oifig le linn 2021.

CUR CHUN CINN na GAEILGE sa tSEIRBHÍS PHOIBLÍ

Tá rochtain ar sheirbhísí stáit ar fónamh sa dá theanga oifigiúla taobh le foireann oilte a bheith ar fáil go forleathan ar fud an chórais. Ní thig liomsa ach treisiú arís eile ar an mbéim is ceart a chur ar chúrsaí earcaíochta. Thug mé ardtosaíocht phráinneach náisiúnta ar cheist na hearcaíochta i dTuarascáil Bhliantúil 2021. Tá ról cinniúnach ag an gCoiste Comhairleach um Sheirbhísí Gaeilge agus guím rath ar obair chomhaltaí an Choiste. Is faoina gcúram siúd a bheidh dréachtadh an Phlean Náisiúnta do Sholáthar Seirbhísí Stáit trí Ghaeilge. Tá seasamh reachtúil leis an obair seo agus tá cur i bhfeidhm iomlán an Achta leasaithe i dtuilleamaí foirne cáilithe. I gcomhthéacs tábhacht na forála seo, ba mhaith liom trácht sonrath a dhéanamh ar roinnt idirghabhálacha agus réitigh shamplacha a chuideodh leis an sprioc earcaíochta 20% a bhaint amach faoi 2030.

EARCAÍOCHT

Aithnítear an dúshlán a bhíonn roimh chomhlachtaí poiblí agus an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS) líon dóthanach iarratasóirí oilte a spreagadh chun cur isteach ar fholúntais. Ní léir go n-éiríonn le mórbhabhtaí earcaíochta ginearálta painéil mhóra iarratasóirí le Gaeilge a chruthú. Tá triail áirithe á baint as sainchomórtais earcaíochta chun painéil ag leibhéal éagsúla folúntais a chruthú ach tuigtear dom go mbíonn an-éileamh ar iarratasóirí cáilithe agus go ndéantar ídiú tréan go maith ar bhallraíocht na bpainéal. I bhfianaise phráinn an riachtanais, caithfear earraíocht a bhaint as gach seift feasta chun cur le líon na n-iarratasóirí cáilithe, idir chomórtais ghinearálta agus shainchomórtais rialta. Is cinnte gur ábhar cuí breithnithe a leithéid don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe óir beidh cur i bhfeidhm an Phlean Náisiúnta ag brath go huile agus go hiomlán ar fhreagrúlacht na gcóras earcaíochta a úsáidtear chun líon dóthanach foirne a chur ar fáil don tseirbhís phoiblí trí chéile.

Is ceart dom a lua chomh maith gurb ann d'fhorálacha reachtúla cheana féin a cheanglaíonn ar chomhlachtaí poiblí áirithe líon dóthanach foirne le Gaeilge a cheapadh chun dualgais na gcomhlachtaí céanna a chomhlíonadh mar is ceart. Ní call dom ach tagairt arís eile don Gharda Síochána ach is ceart na forálacha faoin Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997 a lua freisin. Léirigh obair m'Oifige nach raibh aird mar is ceart á tabhairt ar chuid na forálacha reachtúla céanna go dtí gur fiosraíodh an fhaillí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003. Faoin Acht nua, tráth a dtabharfar feidhm d'alt 21(a) beidh feidhm bhreise faireacháin agam chun imscrúdú a sheoladh ar na ceisteanna seo más cuí sin. Tá géarghá le cur chuige córasach agus an Ghaeilge

a bheith luaite mar bhunriachtanas i gcás gach aon chineál folúntais – ón mbarr anuas go speisialta – mar is léir nach dtiocfaidh athrú chun feabhais ar chúrsaí earcaíochta cheal ceannaireachta. Éileoidh cur chuige córasach go mbeachtófaí riachtanas teanga leis an iliomad sonraíochtaí post i gcomhlachtaí poiblí seachas folúntas fánach thall is abhus.

CÚRSAÍ OIDEACHAIS AGUS INNIÚLACHT CHÓRASACH TEANGA

Cibé cén leibhéal inniúlachta atá i measc fhoireann reatha na gcomhlachtaí poiblí faoi láthair, is den riachtanas scrúdú fuarchúiseach a dhéanamh ar an soláthar céimithe oilte atá ar fáil do chomórtais earcaíochta freisin. Má tá sprioc 20% in earcaíocht ghinearálta le baint amach faoi 2030 ní mór a bheith i mbun áirimh ar líon na gcúrsaí le Gaeilge nó trí Ghaeilge atá ar fáil sa chóras ardoideachais. Rinneadh obair chéadach nuair a bunaíodh an tIonad Barr Feabhais um Ghairmeacha san AE tamall maith blianta siar. Is anois atá a thoradh sin le feiceáil ar an earcaíocht mhór atá déanta ar aistritheoirí cáilithe sna hInstitiúidí Eorpacha. Mar sin féin, is treise an t-éileamh ná líon na n-iarrthóirí cáilithe agus cé gur sainchúram amach is amach é an t-aistriúchán reachtaíochta tá léargas áirithe againn ar dhinimicí oiliúna ardoideachais bunaithe ar thaithí na nInstitiúidí Eorpacha.

Aithnítear go mbíonn infheistíocht fhadtréimhseach i gceist chun líon suntasach céimithe oilte a chur ar fáil agus ritheann sé liom nár mhiste cur chuige comhordaithe náisiúnta, idir-institiúideach a úsáid (amhail an tIonad Náisiúnta Barr Feabhais) chun cláir nua fochéime agus iarchéime a dhearadh agus a sholáthar i réimse an riaracháin phoiblí. D'fhéadfadh ról a bheith ag an bhForas Riaracháin (IPA) agus institiúidí ardoideachais siollabas comónta a dhearadh ina gcumseofaí dianoiliúint teanga agus modúil chuí sa pholaitíocht, eacnamaíocht, dlí agus riarachán poiblí. D'fhéadfaí a leithéid de chlár ceannródaíoch a bheith ar fáil go náisiúnta i roinnt institiúidí ardoideachais ionas go gcuirfí go suntasach le líon na gcéimithe cáilithe in achar réasúnta blianta. Is beart praiticiúil é seo nár mhór tosú air láithreach mar glacann próiseas forbartha céime suas le dhá bhliain agus glacann an cúrsa fochéime féin suas le ceithre bliana i mórchuid na n-institiúidí ardoideachais anois. Ach is baolach nach mbaineann ceist inniúlachta córais leis an tríú leibhéal amháin.

D'fhoilsigh an Roinn Oideachais tuarascáil i mí Dheireadh Fómhair *Léargas ar Sholáthar don Oideachas Lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht: Soláthar Reatha agus Réamhmheastacháin don Todhchaí*. Tá cuimse faisnéise agus staidrimh sa tuarascáil agus is iomaí ceist pholasaí oideachasúil a dhúisítear dá barr. Baineann ceisteanna bunúsacha aistrithe le ceist na hearcaíochta freisin. Dá mbeinn le ceangal amháin a dhéanamh idir líon na gcéimithe a bhfuil inniúlacht mhaith Ghaeilge acu agus ceist an tsoláthair, dhíreoinn aird ar rátaí aistrithe ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil.

Tugtar le fios sa tuarascáil go raibh 4,723 dalta i rang a sé i nGaelscoileanna i mí an Mheithimh 2020. Níor aistrigh ach beagán le cois trian de na daltaí seo, 35.7% (1688) go Gaelcholáiste. 2,456 dalta a d'aistrigh go hiarbhunscoil mheán-Bhéarla, sin 51.9% de dhaltaí.²

Is easnamh mór ar ár gcuid eolais é nach mbailítear staidrimh maidir le rátaí aistrithe agus rannpháirtíochta dhaltaí Gaeltachta agus Gaelcholáiste san oideachas agus oiliúint lán-Ghaeilge ar an tríú leibhéal. Mura ndéanfar pleanáil fhadtréimhseach inniúlachta a leabú sa chóras oideachais lán-Ghaeilge, agus méadú céimnitheach ar líon na ndaltaí iar-bhunscoile le hinniúlacht mhaith Ghaeilge atá ar fáil don oiliúint tríú leibhéal, beidh sé ionann is dódhéanta líon dóthanach céimithe a chur ar fáil chun sprioc earcaíochta an 20% a bhaint ón mbliain 2030 amach.

Tá tús curtha ag an Roinn Oideachais le próiseas comhairliúcháin chun polasaí a fhorbairt don oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht agus molaim iarrachtaí na Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG), an Foras Pátrúnachta agus Gaeloideachas chun feasacht a ardú i measc an phobail faoin bpróiseas. Tá an t-ábhar seo á scrúdú ag an gComhchoiste agus níl le rá agamsa ag an bpointe seo ach nach leor déileáil leis an gceist mar cheist riaracháin amháin ach i dtéarmaí oideachasúla, mar atá áitithe go paiteanta ag saineolaithe sa réimse agus san fhianaise atá curtha i láthair an Chomhchoiste go dtí seo.

²*Léargas ar Sholáthar don Oideachas Lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht: Soláthar Reatha agus Réamh-mheastacháin don Todhchaí* (An Roinn Oideachais, 2022: 33)

CÚRSAÍ PLEANÁLA & TREOIRLÍNTE PLEANÁLA

Is fiú suntas a thabhairt don líon gearán atá tagtha chun cinn le blianta beaga anuas a bhaineann le cúrsaí pleanála sa Ghaeltacht. Leagtar amach beartas náisiúnta don phleanáil sa Chreatlach Náisiúnta Pleanála (2018). Is faoin gCreatlach céanna seo a fheidhmíonn Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíochta (SRSE) i dtaca le trí mhór-réigiún pleanála: Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre; Réigiún an Deiscirt; agus Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair. Cé go dtugtar aitheantas don Ghaeilge ag leibhéal na Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíochta, baineann feidhm reachtúil ar leith le Pleananna Forbartha Contae a fheidhmítear de réir na Straitéisí Réigiúnacha. Is é an Plean Forbartha Contae is mó a imríonn tionchar ar iarratais phleanála i limistéir áitiúla.

Faoi alt 10(2)(m) den Acht um Phleanáil agus Forbairt, 2000, cuirtear ceanglas ar údarás pleanála a bhfuil limistéir Ghaeltachta faoina chúram, cuspóirí faoi leith a leagan síos ina Phlean Forbartha Contae chun “oidhreacht teanga agus chultúrtha na Gaeltachta a chosaint, lena n-áirítear an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga an phobail, i gcás ina mbeidh limistéar Gaeltachta i limistéar an phlean forbartha. Faoi réir an Achta chéanna, is féidir le húdarás pleanála coinníoll a cheangal le cead pleanála “a bhaineann le hoidhreacht teanga nó chultúir na Gaeltachta a chosaint.” Baineann forálacha na n-achtachán seo le stádas nó úsáid teanga oifigiúla agus dá bhrí sin tig liomsa, mar Choimisinéir Teanga, imscrúdú a sheoladh maidir lena gcomhlíonadh nó lena bhfeidhmiú, sa chás go bhfaighim gearán ó bhall den phobal ina leith.

Tá an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta i ndiaidh dlús a chur le hathbhreithniú ar na ceisteanna polasaí a bhaineann leis na cúrsaí seo agus scríobh mé chuige ar an 19 Iúil 2022 chun aird a dhíriú ar roinnt ábhar suntais a tháinig chun solais i ndiaidh do m’Oifig gearáin ar an ábhar a fhiosrú. Is fiú a thabhairt faoi deara gur ábhar é seo atá go mór faoi thrácht i measc phobal labhartha na Gaeilge, sa Ghaeltacht agus taobh amuigh den Ghaeltacht. Pléadh na ceisteanna seo go sonrath ag seimineár ag Tionól Gaeltachta Chonradh na Gaeilge i gCorca Dhuibhne i mí an Mheithimh i mbliana.

Rinneadh gearán liom nár chuir Comhairle Contae Chiarraí i bhfeidhm coinníoll teanga i gcás fhorbairt tithíochta sóisialta in Gaeltacht Chiarraí. Ceanglaíodh coinníoll le cead pleanála na forbartha faoina bhféachfaí go gcuirfí 31% de na tithe ar fáil do chainteoirí Gaeilge, trí chomhaontú faoi alt 47 den Acht. Chuir an Chomhairle Contae in iúl don Oifig go raibh leithdháileadh na dtithe seo á dhéanamh faoi réir scéimeanna agus rialacháin a bhaineann le halt 22 den Acht Tithíochta, 2009. De bhrí nach raibh stádas iarratasóirí tithíochta mar chainteoirí Ghaeilge sonraithe i measc na gcritéar incháilithe nó tosaíochta sa reachtaíocht sin, d'áitigh an Chomhairle Contae nárbh fhéidir an coinníoll teanga a bhí ceangailte leis an gcead pleanála a chur i bhfeidhm. Is fiú go mór mionscrúdú a dhéanamh ar cibé cén aimhrialtacht i dtaca le cúrsaí teanga a d'fhéadfadh a bheith idir an tAcht um Phleanáil agus Forbairt, 2000 agus an tAcht Tithíochta, 2009.

Anuas air sin, ní móide go mbeadh aon difríocht shochtheangeolaíoch ann idir stádas áitritheoirí i dtithíocht phríobháideach agus áitritheoirí i dtithíocht shóisialta. Má chinntear i gcuspóir de chuid plean forbartha contae gur den riachtanas é go mbeadh céatadán áirithe d'áitritheoirí i dtithíocht nua ina gcainteoirí Gaeilge, luíonn sé le réasún nach féidir tithíocht shóisialta a chur as an áireamh seo gan dochar a dhéanamh do chomhlíonadh an mhórchuspóra, is é sin oidhreacht teanga na Gaeltachta a chosaint.

D'fháilteoinn roimh athbhreithniú an Aire ar impleachtaí an dá fhoráil shonracha seo maidir le beartais chosanta teanga i bpleananna forbartha contae agus i gceadanna pleanála. Ba thairbheach an beart é breithniú a dhéanamh chun a chinneadh ar chúí Treoirlínte nó Treoracha Beartais a dhéanamh maidir le haidhmeanna teanga na forála Gaeltachta san Acht um Phleanáil agus Forbairt a chur chun cinn. Ar an gcuid is lú, is ríléir nár mhór soiléiriú i bhfoirm reachtaíochta nó rialacháin a sholáthar do na húdaráis áitiúla a bhfuil limistéir pleanála teanga Gaeltachta faoina gcúram.

CLABHSÚR

Mar fhocal scoir, is mian liom a bheith dearfach agus dóchasach faoina bhfuil i ndán do sheirbhísí Gaeilge faoin Acht nua. Tá aird tarraingthe arís agus arís eile ar na heasnaimh a bhain le hAcht 2003 agus creidim go bhfuil iarracht mhacánta déanta san Acht leasaithe na bearnaí is follasaí a dhúnadh. Déanfar gach dícheall eolas cruinn a roinnt leis an bpobal maidir lena gcearta bunaithe agus cearta breisithe agus caithfear gach iarracht le gearáin a chuirfear faoinár mbráid a fhiosrú le comhlachtaí poiblí agus imscrúduithe a sheoladh nuair is gá. Gabhann cumhachtaí breise faireacháin leis an Acht leasaithe chomh maith agus táimse airdeallach go dtitfidh an cúram ormsa agus ar m’Oifig féachaint chuige go gcuirfear forálacha an Achta leasaithe i bhfeidhm le seirbhísí ar fónamh sa dá theanga a chinntiú don phobal.